2026/464

26.2.2026

RIALACHÁN (AE) 2026/464 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 24 Feabhra 2026

lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/1348 a mhéid a bhaineann le liosta de thíortha sábháilte tionscnaimh a bhunú ar leibhéal an Aontais

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 78(2), pointe (d), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa [1],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach [2],

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Faoi Rialachán (AE) 2024/1348 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [3], tá feidhm ag rialacha sonracha i gcás ina dtagann iarratasóir ó thír shábháilte thionscnaimh. Go háirithe, ní mór dlús a chur leis an scrúdú ar iarratas agus, mura bhfuil an t-iarratasóir údaraithe fós dul isteach ar chríoch na mBallstát, féadfaidh Ballstát scrúdú a dhéanamh ar fhiúntas iarratais trí nós imeachta teorann.

(2) Le Rialachán (AE) 2024/1348, déantar foráil maidir leis an bhféidearthacht tríú tíortha a ainmniú mar thíortha sábháilte tionscnaimh ar leibhéal an Aontais i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa Rialachán sin. Is gá cur i bhfeidhm choincheap na tíre sábháilte tionscnaimh a neartú mar uirlis riachtanach chun tacú le scrúdú tapa a dhéanamh ar iarratais ar dócha nach bhfuil bunús leo trí thríú tíortha a ainmniú mar thíortha sábháilte tionscnaimh. Is gá freisin cuid de na héagothromaíochtaí atá ann cheana idir liostaí náisiúnta na mBallstát de thíortha sábháilte tionscnaimh a réiteach . Dá bhrí sin, ba cheart liosta de thíortha sábháilte tionscnaimh ar leibhéal an Aontais a bhunú. Cé go gcoimeádann na Ballstáit an ceart reachtaíocht a chur i bhfeidhm nó a thabhairt isteach lena gceadaítear ainmniú náisiúnta tríú tíortha mar thíortha sábháilte tionscnaimh seachas na tíortha sin atá ainmnithe amhlaidh ar leibhéal an Aontais , ba cheart a áirithiú le hainmniú coiteann den sórt sin ar leibhéal an Aontais go gcuireann na Ballstáit uile coincheap na tíre sábháilte tionscnaimh i bhfeidhm ar bhealach aonfhoirmeach i dtaca le hiarratasóirí a bhfuil a dtíortha tionscnaimh ainmnithe mar thíortha sábháilte tionscnaimh.

[1] Tuairim an 23 Deireadh Fómhair 2025 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).
[2] Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Feabhra 2026 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 23 Feabhra 2026.
[3] Rialachán (AE) 2024/1348 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena mbunaítear nós imeachta coiteann le haghaidh cosaint idirnáisiúnta san Aontas agus lena n-aisghairtear Treoir 2013/32/AE (IO L, 2024/1348, 22.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1348/oj).

(3) Ní ráthaíocht iomlán sábháilteachta do náisiúnaigh tríú tír é an tríú tír sin a mheas a bheith ina tír shábháilte thionscnaimh, cibé acu ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal náisiúnta., fiú dóibh siúd nach mbaineann le catagóir daoine dá ndéantar eisceacht agus an tír sin á hainmniú mar thír shábháilte thionscnaimh, agus, dá bhrí sin, ní ligtear ar ceal an gá atá le scrúdú aonair a dhéanamh ar an iarratas ar chosaint idirnáisiúnta. Mar gheall ar a shainchineál, ní féidir a chur san áireamh sa mheasúnú sin ar cé acu ba cheart nó nár cheart tríú tír a ainmniú mar thír shábháilte thionscnaimh ach cúinsí ginearálta, sibhialta, dlíthiúla agus polaitiúla na tíre sin agus an gcuirtear pionós, go praiticiúil, ar ghníomhaithe géarleanúna, céasta nó íde nó pionóis atá mídhaonna nó táireach má dhéantar amach gurb iad atá freagrach sa tír sin. Ní fhéadfaidh Ballstáit coincheap na tíre sábháilte tionscnaimh a chur i bhfeidhm ach amháin i gcás nach féidir leis an iarratasóir eilimintí a sholáthar lena dtugtar údar don chúis nach bhfuil coincheap na tíre sábháilte tionscnaimh infheidhme maidir leis nó léi, faoi chuimsiú measúnú aonair, agus ar choinníoll go bhfuil náisiúntacht na tíre sin ag an iarratasóir nó gur duine gan stát é nó í agus go raibh gnáthchónaí air nó uirthi sa tír sin roimhe sin. Tá cur i bhfeidhm choincheap na tíre sábháilte tionscnaimh faoi chuimsiú an mheasúnaithe aonair gan dochar don fhíoras go bhféadfadh catagóirí áirithe iarratasóirí a bheith i staid shonrach sna tríú tíortha atá ainmnithe mar thíortha sábháilte tionscnaimh agus, dá bhrí sin, go bhféadfadh eagla a bhfuil bunús maith léi a bheith orthu go ndéanfaí géarleanúint orthu nó go mbeadh fíorbhaol ann go bhfulaingeoidís díobháil thromchúiseach.

(4) Tá an measúnú ar cé acu ba cheart nó nár cheart tríú tír a ainmniú mar thír shábháilte thionscnaimh bunaithe ar raon foinsí faisnéise ábhartha atá ar fáil, lena n-áirítear faisnéis ó na Ballstáit, ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann ('an Ghníomhaireacht um Thearmann') arna bunú le Rialachán (AE) 2021/2303 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), ón tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, ó Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe, agus ó eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha eile. Cuirtear san áireamh sa mheasúnú freisin, i gcás ina bhfuil sí ar fáil, an anailís choiteann ar an bhfaisnéis faoin tír thionscnaimh dá dtagraítear in Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2021/2303, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2024/1348. Bunaithe ar an raon foinsí faisnéise sin, meastar go gcáilíonn roinnt tríú tíortha mar thíortha sábháilte tionscnaimh.

(5) Tá ainmniú tríú tír mar thír shábháilte thionscnaimh faoi Airteagal 62 de Rialachán (AE) 2024/1348 bunaithe ar fhaisnéis ó fhoinsí iontaofa, oifigiúla agus cuí-réasúnaithe atá ábhartha agus ar fáil. Thairis sin, leis an ainmniú sin, léirítear an staid ghinearálta sa tír sin agus ní dhéantar difear dó le himthosca aonair nach féidir a mheasúnú ach chun a chinneadh nár cheart coincheap na tíre sábháilte tionscnaimh a chur i bhfeidhm go heisceachtúil i gcás sonrach. Dá bhrí sin, i gcomhthéacs an athbhreithnithe bhreithiúnaigh náisiúnta, ba cheart an fhianaise mhionsonraithe maidir le staid aonair na n-iarratasóirí lena dtugtar údar le hinfheidhmeacht choincheap na tíre sábháilte tionscnaimh a bheith ina príomhchuspóir ag an measúnú sin. I gcomhréir leis na Conarthaí, tá Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh inniúil chun breithiúnas a thabhairt i dtaca le haon amhras faoi bhailíocht ainmniú an tríú tír mar thír shábháilte thionscnaimh ar leibhéal an Aontais.

(6) Maidir le tír dár deonaíodh stádas mar Stát is iarrthóir ar aontachas leis an Aontas ('tír is iarrthóir'), leagtar amach sa Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) na coinníollacha agus na prionsabail nach mór d'aon tír ar mian léi a bheith ina Ballstát a chomhlíonadh. Bunaíodh na coinníollacha agus na prionsabail sin ag Comhairle Eorpach Chóbanhávan in 1993 ('Critéir Chóbanhávan') agus neartaíodh iad ag Comhairle Eorpach Mhaidrid in 1995. Is iad seo a leanas critéir Chóbanhávan: cobhsaíocht na n-institiúidí lena ráthaítear an daonlathas, an smacht reachta, cearta an duine agus urraim agus cosaint do mhionlaigh, geilleagar margaidh atá ag feidhmiú agus an cumas déileáil le brú iomaíochta agus fórsaí margaidh laistigh den Aontas, agus an cumas glacadh leis na hoibleagáidí a bhaineann le ballraíocht san Aontas, lena n-áirítear an cumas na rialacha, na caighdeáin agus na beartais atá i gcorpas dhlí an Aontais a chur chun feidhme go héifeachtach, agus cloí le haidhmeanna an aontais pholaitiúil, eacnamaíoch agus airgeadaíochta.

([4]) Rialachán (AE) 2021/2303 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2021 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 439/2010 (IO L 468, 30.12.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2303/oj).

(7) Deonaíonn an Chomhairle Eorpach stádas mar thír is iarrthóir do thír trí chinneadh d'aon toil, ar bhonn tuairim ón gCoimisiún, arna tarraingt suas tar éis iarratas na tíre ar bhallraíocht san Aontas. Maidir leis na critéir pholaitiúla a bhaineann le ballraíocht san Aontas, go háirithe, fuarthas amach go raibh dul chun cinn déanta ag na tíortha is iarrthóirí chun cobhsaíocht na n-institiúidí lena ráthaítear an daonlathas, an smacht reachta, cearta an duine agus urraim agus cosaint do mhionlaigh a bhaint amach. Is féidir teacht ar an gconclúid, dá bhrí sin, gur cheart na tríú tíortha sin ar deonaíodh stádas mar thír is iarrthóir dóibh a mheas mar thíortha sábháilte tionscnaimh de réir bhrí Rialachán (AE) 2024/1348 agus gur cheart iad a ainmniú dá réir sin mar thíortha sábháilte tionscnaimh ar leibhéal an Aontais. Ní dochar na hainmniúcháin sin d'aon chinneadh a dhéanfaidh an Chomhairle Eorpach nó an Chomhairle amach anseo maidir le tíortha is iarrthóirí a ligean isteach san Aontas. Ba cheart a chur san áireamh, áfach, go bhféadfadh athrú teacht ar an staid sa tír is iarrthóir sa mhéid nár cheart feidhm a bheith a thuilleadh le hainmniú na tíre sin mar thír shábháilte thionscnaimh. Dá bhrí sin, ba cheart a fhoráil leis an Rialachán seo, maidir le tríú tír dar deonaíodh stádas mar thír is iarrthóir, nár cheart ainmniú na tíre sin mar thír shábháilte tionscnaimh a chur i bhfeidhm a thuilleadh i gcás ina bhfuil feidhm ag aon cheann de na himthosca seo a leanas: tá bagairt thromchúiseach ann ar bheatha nó ar iomláine an tsibhialtaigh mar gheall ar fhoréigean neamh-idirdhealaitheach i gcásanna coinbhleachta armtha idirnáisiúnta nó inmheánaí sa tríú tír; glacadh bearta sriantacha de réir bhrí Theideal IV de Chuid a Cúig den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) i bhfianaise ghníomhaíochtaí an tríú tír lena ndéantar difear do chearta agus saoirsí bunúsacha atá ábhartha maidir le tír a ainmniú mar thír shábháilte thionscnaimh; nó tá an ráta aitheantais uile-Aontais a bhaineann le hiarratasóirí ón tríú tír níos airde ná 20 % de líon iomlán na gcinntí don tríú tír sin arna n-eisiúint ag an údarás cinntitheach. Níor cheart do na Ballstáit coincheap na tíre sábháilte tionscnaimh a chur i bhfeidhm maidir le hiarratasóirí ó thír is iarrthóir le linn na tréimhse ina bhfuil na himthosca dá bhforáiltear sa Rialachán seo fós ann.

(8) Agus é á mheas cé acu is ann nó nach ann do bhagairt thromchúiseach ar bheatha nó ar iomláine an tsibhialtaigh mar gheall ar fhoréigean neamh-idirdhealaitheach i gcásanna coinbhleachta armtha idirnáisiúnta nó inmheánaí i dtír is iarrthóir, ba cheart raon leathan foinsí faisnéise ábhartha a chur san áireamh, lena n-áirítear faisnéis ó aon institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht ábhartha de chuid an Aontais nó ó eagraíocht idirnáisiúnta. Go háirithe, ba cheart a chur san áireamh cé acu a d'aithin nó nár aithin an Chomhairle Eorpach nó an Chomhairle gur ann do staid coinbhleachta armtha idirnáisiúnta nó inmheánaí sa tír is iarrthóir lena mbaineann, lena n-áirítear cibé acu a glacadh nó nár glacadh cinneadh ón gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 5 de Threoir 2001/55/CE ón gComhairle ([5]) mar thoradh ar staid coinbhleachta armtha a bheith ann. Ar an gcaoi chéanna, agus é á mheas cibé acu atá nó nach bhfuil bagairt thromchúiseach fós ann ar bheatha nó ar iomláine an tsibhialtaigh mar gheall ar fhoréigean neamh-idirdhealaitheach i gcásanna coinbhleachta armtha idirnáisiúnta nó inmheánaí i dtír is iarrthóir , ba cheart a chur san áireamh gur admhaigh an Chomhairle Eorpach nó an Chomhairle nach ann do na himthosca ábhartha a thuilleadh, lena n-áirítear i gcás inar glacadh Cinneadh ón gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 6 de Threoir 2001/55/CE mar thoradh ar dheireadh a bheith tagtha le staid coinbhleachta armtha.

(9) Tá sé riachtanach go ndéanfar ainmniú na dtíortha is iarrthóirí mar thíortha sábháilte tionscnaimh a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach i ngach Ballstát, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann leis na himthosca a leagtar amach sa Rialachán seo i gcás nár cheart na tíortha sin a mheas a thuilleadh mar thíortha sábháilte tionscnaimh. Chun cur chun feidhme aonfhoirmeach an Rialacháin seo a éascú agus chun deimhneacht dhlíthiúil a thabhairt, ba cheart don Choimisiún faireachán leanúnach a dhéanamh ar an staid sna tíortha is iarrthóirí agus na Ballstáit, Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas i gcás, ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, ina bhfuil feidhm ag aon cheann de na himthosca sin nó i gcás ina scoireann siad d'fheidhm a bheith acu i gceann de na tíortha sin, agus an fhaisnéis sin a chur ar fáil láithreach agus go poiblí trí fhógra a fhoilsiú i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. I bhfianaise na n-impleachtaí féideartha do chaidreamh seachtrach an Aontais agus na mBallstát, níor cheart don Choimisiún, gan formheas a fháil roimh ré ón gComhairle, na Ballstáit agus Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas go bhfuil bagairt thromchúiseach ann ar bheatha ná ar iomláine an tsibhialtaigh mar gheall ar fhoréigean neamh-idirdhealaitheach i gcásanna coinbhleachta armtha idirnáisiúnta nó inmheánaí i dtír is iarrthóir . Dá réir sin, sula gcuirfear na Ballstáit agus Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoi aon bhagairt thromchúiseach mar gheall ar fhoréigean neamh-idirdhealaitheach i gcásanna coinbhleachta armtha idirnáisiúnta nó inmheánaí i dtír is iarrthóir , ba cheart don Choimisiún fógra a thabhairt don Chomhairle, agus ba cheart di formheas a thabhairt roimh ré.

([5]) Treoir 2001/55/CE ón gComhairle an 20 Iúil 2001 maidir le caighdeáin íosta chun cosaint shealadach a thabhairt i gcás insreabhadh ollmhór daoine easáitithe agus maidir le bearta lena gcuirtear cothromaíocht iarrachtaí chun cinn idir na Ballstáit agus na daoine sin á nglacadh isteach acu agus na hiarmhairtí lena mbaineann á mbraistint (IO L 212, 7.8.2001, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2001/55/oj).

(10) Maidir leis an gCosaiv (*), de réir na faisnéise ón nGníomhaireacht um Thearmann, tá 16 Bhallstát ann faoi láthair a ainmníonn an Chosaiv mar thír shábháilte thionscnaimh ar an leibhéal náisiúnta, agus ba é 5 % an ráta aitheantais uile-Aontais d'iarratasóirí ón gCosaiv in 2024. Is iarrthóir ionchasach í an Chosaiv ar bhallraíocht san Aontas. Ina Bunreacht, cuimsítear na príomhionstraimí idirnáisiúnta um chearta an duine. Is daonlathas ionadaíoch parlaiminteach ilpháirtí í an Chosaiv agus na cumhachtaí á scaradh aici idir na hinstitiúidí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha agus tá an creat dlíthiúil ábhartha i gcomhréir le caighdeáin Eorpacha. Go ginearálta, ráthaítear lena creat dlíthiúil cosaint na gceart bunúsach agus tá sé i gcomhréir le caighdeáin Eorpacha. Níl aon chomharthaí ann go bhfuil saoránaigh na Cosaive á ndíbirt, á mbaint nó á n-eiseachadadh chuig tíortha ina bhfuil baol ann go ngearrfar pionós an bháis orthu, go ndéanfaí céastóireacht orthu, go ndéanfaí géarleanúint orthu nó go dtabharfaí íde eile atá mídhaonna nó táireach dóibh. Níl aon bhaol ann go ndéanfaí díobháil thromchúiseach sa Chosaiv de réir bhrí Airteagal 15 de Rialachán (AE) 2024/1347 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]). Ní ann do phionós an bháis faoi dhlí náisiúnta na Cosaive agus léiríonn údaráis na Cosaive tiomantas do chéastóireacht agus do dhrochíde a chosc. Níl aon choinbhleacht armtha ar siúl sa Chosaiv agus, dá bhrí sin, níl aon bhagairt ann mar gheall ar fhoréigean neamh-idirdhealaitheach i gcásanna coinbhleachta armtha idirnáisiúnta nó inmheánaí. Ní dhéantar géarleanúint sa Chosaiv de réir bhrí Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2024/1347.

(11) Maidir leis an mBanglaidéis, de réir na faisnéise ón nGníomhaireacht um Thearmann, tá 6 Bhallstát ann faoi láthair a ainmníonn an Bhanglaidéis mar thír shábháilte thionscnaimh ar an leibhéal náisiúnta, agus ba é 4 % an ráta aitheantais uile-Aontais d'iarratasóirí ón mBanglaidéis in 2024. Tá roinnt ionstraimí idirnáisiúnta um chearta an duine daingnithe ag an tír. Is poblacht pharlaiminteach í an Bhanglaidéis atá á rialú ag bunreacht, lena bhforordaítear scaradh cumhachtaí idir an feidhmeannas agus na breithiúna. Níl aon chomharthaí ann go bhfuil saoránaigh na Banglaidéise á ndíbirt, á mbaint nó á n-eiseachadadh chuig tíortha ina bhfuil baol ann go ngearrfaí pionós an bháis orthu, go ndéanfaí céastóireacht orthu, go ndéanfaí géarleanúint orthu nó go dtabharfaí íde eile atá mídhaonna nó táireach dóibh. Go ginearálta, níl aon fhíorbhaol ann go ndéanfar díobháil thromchúiseach de réir bhrí Airteagal 15 de Rialachán (AE) 2024/1347. Cé go gcoinníonn an Bhanglaidéis pionós an bháis agus nár shínigh sí an Dara Prótacal Roghnach a ghabhann leis an gCúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla, darb aidhm pionós an bháis a dhíothú, is annamh a chuirtear pianbhreitheanna báis i gcrích. Dhaingnigh an Bhanglaidéis an Coinbhinsiún in aghaidh na Céastóireachta agus in aghaidh Íde nó Pionóis Eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach. Níl aon choinbhleacht armtha ar siúl sa Bhanglaidéis agus, dá bhrí sin, níl aon bhagairt ann mar gheall ar fhoréigean neamh-idirdhealaitheach i gcásanna coinbhleachta armtha idirnáisiúnta nó inmheánaí. Go ginearálta, ní dhéantar géarleanúint sa tír de réir bhrí Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2024/1347.

(12) Maidir leis an gColóim, de réir na faisnéise ón nGníomhaireacht um Thearmann, níl aon Bhallstát ann faoi láthair a ainmníonn an Cholóim mar thír shábháilte thionscnaimh ar an leibhéal náisiúnta, agus ba é 5 % an ráta aitheantais uile-Aontais d'iarratasóirí ón gColóim in 2024. Tá na príomhionstraimí idirnáisiúnta um chearta an duine daingnithe ag an tír. Le Bunreacht 1991 agus leis an dlí-eolaíocht ina dhiaidh sin ón gCúirt Bhunreachtúil, déantar foráil maidir le ráthaíochtaí láidre maidir le cearta an duine. Is poblacht chónaidhme í an Cholóim ag a bhfuil córas polaitiúil ionadaíoch daonlathach agus na cumhachtaí á scaradh aici idir an brainse feidhmiúcháin, an brainse reachtach agus an brainse breithiúnach. Níl aon chomharthaí ann go bhfuil saoránaigh na Colóime á ndíbirt, á mbaint nó á n-eiseachadadh go forleathan chuig tíortha ina bhfuil baol ann go ngearrfar pionós an bháis orthu, go ndéanfaí céastóireacht orthu, go ndéanfaí géarleanúint orthu nó go dtabharfaí íde eile atá mídhaonna nó táireach dóibh. Go ginearálta, níl aon bhaol ann go ndéanfaí díobháil thromchúiseach sa Cholóim de réir bhrí Airteagal 15 de Rialachán (AE) 2024/1347, ach amháin i limistéir thuaithe shonracha nach bhfuil aon láithreacht lárnach ag an Stát iontu. Tá pionós an bháis toirmiscthe faoi Bhunreacht na Colóime. Tá a creat dlíthiúil lena dtoirmisctear céastóireacht agus íde nó pionós atá mídhaonna nó táireach i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta. Níl aon bhagairt ghinearálaithe ann mar gheall ar fhoréigean neamh-idirdhealaitheach i gcásanna coinbhleachta armtha idirnáisiúnta nó inmheánaí. Go ginearálta, ní dhéantar géarleanúint sa tír de réir bhrí Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2024/1347.

(*) Ní dochar an t-ainmniú seo do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244/1999 agus le tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

([6]) Rialachán (AE) 2024/1347 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le caighdeáin i dtaca le cáilitheacht náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta, i dtaca le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach agus i dtaca lena bhfuil sa chosaint a dheonaítear, lena leasaítear Treoir 2003/109/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2011/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2024/1347, 22.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1347/oj).

(13) Maidir leis an Éigipt, de réir na faisnéise ón nGníomhaireacht um Thearmann, tá 6 Bhallstát ann faoi láthair a ainmníonn an Éigipt mar thír shábháilte thionscnaimh ar an leibhéal náisiúnta, agus ba é 4 % an ráta aitheantais uile-Aontais d'iarratasóirí ón Éigipt in 2024. Tá na príomhionstraimí idirnáisiúnta um chearta an duine daingnithe ag an tír. Is poblacht í an Éigipt ina bhfeidhmíonn an tUachtarán mar cheann stáit agus mar cheann feidhmiúcháin araon. Níl aon chomharthaí ann go bhfuil saoránaigh na hÉigipte á ndíbirt, á mbaint nó á n-eiseachadadh chuig tíortha ina bhfuil baol ann go ngearrfaí pionós an bháis orthu, go ndéanfaí céastóireacht orthu, go ndéanfaí géarleanúint orthu nó go dtabharfaí íde eile atá mídhaonna nó táireach dóibh. Go ginearálta, níl aon fhíorbhaol ann go ndéanfar díobháil thromchúiseach de réir bhrí Airteagal 15 de Rialachán (AE) 2024/1347. Cé go gcoinníonn an Éigipt pionós an bháis faoin gCód Pionósach agus faoi dhlíthe míleata, dhaingnigh an Éigipt an Coinbhinsiún in aghaidh na Céastóireachta agus in aghaidh Íde nó Pionóis Eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach. Dhearbhaigh an Éigipt ina Straitéis Náisiúnta um Chearta an Duine go bhfuil sé ar intinn aici athchóiriú a dhéanamh ar an dlí maidir le coinneáil réamhthrialach, feabhas a chur ar dhálaí coinneála, teorainn a chur leis an líon coireanna arna bpionósú le bás agus feabhas a chur ar chultúr chearta an duine ar fud institiúidí uile an rialtais. Tá gá le cur chun feidhme éifeachtach, agus tá dul chun cinn á dhéanamh go dtí seo ar an gcur chuige institiúideach. Níl aon choinbhleacht armtha ar siúl san Éigipt agus, dá bhrí sin, níl aon bhagairt ann mar gheall ar fhoréigean neamh-idirdhealaitheach i gcásanna coinbhleachta armtha idirnáisiúnta nó inmheánaí. Go ginearálta, ní dhéantar géarleanúint sa tír de réir bhrí Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2024/1347.

(14) Maidir leis an India, de réir na faisnéise ón nGníomhaireacht um Thearmann, tá 9 mBallstát ann faoi láthair a ainmníonn an India mar thír shábháilte thionscnaimh ar an leibhéal náisiúnta, agus ba é 2 % an ráta aitheantais uile-Aontais d'iarratasóirí ón India in 2024. Tá na príomhionstraimí idirnáisiúnta um chearta an duine daingnithe ag an tír. Is poblacht bhunreachtúil agus daonlathas parlaiminteach í an India. Níl aon chomharthaí ann go bhfuil saoránaigh na hIndia á ndíbirt, á mbaint nó á n-eiseachadadh chuig tíortha ina bhfuil baol ann go ngearrfaí pionós an bháis orthu, go ndéanfaí céastóireacht orthu, go ndéanfaí géarleanúint orthu nó go dtabharfaí íde eile atá mídhaonna nó táireach dóibh. Go ginearálta, níl aon fhíorbhaol ann go ndéanfaí díobháil thromchúiseach de réir bhrí Airteagal 15 de Rialachán (AE) 2024/1347. Coinníonn an India pionós an bháis ina dlí coiriúil agus níor shínigh sí an Dara Prótacal Roghnach a ghabhann leis an gCúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla, darb aidhm pionós an bháis a dhíothú, mar sin féin, níor cuireadh pionós an bháis i bhfeidhm go hiarbhír ó 2020. Shínigh an India an Coinbhinsiún in aghaidh na Céastóireachta agus in aghaidh Íde nó Pionóis Eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach. Níl aon choinbhleacht armtha ar siúl san India agus dá bhrí sin níl aon bhagairt ann mar gheall ar fhoréigean neamh-idirdhealaitheach i gcásanna coinbhleachta armtha idirnáisiúnta nó inmheánaí. Go ginearálta, ní dhéantar géarleanúint sa tír de réir bhrí Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2024/1347.

(15) Maidir le Maracó, de réir na faisnéise ón nGníomhaireacht um Thearmann, tá 11 Bhallstát ann faoi láthair a ainmníonn Maracó mar thír shábháilte thionscnaimh ar an leibhéal náisiúnta agus ba é 4 % an ráta aitheantais uile-Aontais d'iarratasóirí ó Mharacó in 2024. Tá na príomhionstraimí idirnáisiúnta um chearta an duine daingnithe ag an tír. Is monarcacht pharlaiminteach í Maracó. Níl aon chomharthaí ann go bhfuil saoránaigh Mharacó á ndíbirt, á mbaint nó á n-eiseachadadh chuig tíortha ina bhfuil baol ann go ngearrfar pionós an bháis orthu, go ndéanfaí céastóireacht orthu, go ndéanfaí géarleanúint orthu nó go dtabharfaí íde eile atá mídhaonna nó táireach dóibh. Go ginearálta, níl aon fhíorbhaol ann go ndéanfaí díobháil thromchúiseach de réir bhrí Airteagal 15 de Rialachán (AE) 2024/1347. Tá moratóir ar chur i bhfeidhm phionós an bháis ag Maracó ó 1993 i leith, cé go gcoinníonn sí pionós an bháis ina dlí coiriúil agus nár dhaingnigh sí an Dara Prótacal Roghnach a ghabhann leis an gCúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla darb aidhm pionós an bháis a dhíothú. Dhaingnigh Maracó an Coinbhinsiún in aghaidh na Céastóireachta agus in aghaidh Íde nó Pionóis Eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach. Níl aon choinbhleacht armtha ar siúl i Maracó agus, dá bhrí sin, níl aon bhagairt ann mar gheall ar fhoréigean neamh-idirdhealaitheach i gcásanna coinbhleachta armtha idirnáisiúnta nó inmheánaí. Go ginearálta, ní dhéantar géarleanúint sa tír de réir bhrí Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2024/1347.

(16) Maidir leis an Túinéis, de réir na faisnéise ón nGníomhaireacht um Thearmann, tá 10 mBallstát ann faoi láthair a ainmníonn an Túinéis mar thír shábháilte thionscnaimh ar an leibhéal náisiúnta, agus ba é 4 % an ráta aitheantais uile-Aontais d'iarratasóirí ón Túinéis in 2024. Tá na príomhionstraimí idirnáisiúnta um chearta an duine daingnithe ag an tír. Bunaíodh córas uachtaránachta le Bunreacht 2022. Níl aon chomharthaí ann go bhfuil saoránaigh na Túinéise á ndíbirt, á mbaint nó á n-eiseachadadh chuig tíortha ina bhfuil baol ann go ngearrfaí pionós an bháis orthu, go ndéanfaí céastóireacht orthu, go ndéanfaí géarleanúint orthu nó go dtabharfaí íde eile atá mídhaonna nó táireach dóibh. Go ginearálta, níl aon fhíorbhaol ann go ndéanfaí díobháil thromchúiseach de réir bhrí Airteagal 15 de Rialachán (AE) 2024/1347. Tá moratóir ar chur i bhfeidhm phionós an bháis ag an Túinéis ó 1991 i leith, cé go gcoinníonn sí pionós an bháis ina dlí coiriúil agus nár dhaingnigh sí an Dara Prótacal Roghnach a ghabhann leis an gCúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla darb aidhm pionós an bháis a dhíothú. Dhaingnigh an Túinéis an Coinbhinsiún in aghaidh na Céastóireachta agus in aghaidh Íde nó Pionóis Eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach. Níl aon choinbhleacht armtha ar siúl sa Túinéis agus, dá bhrí sin, níl aon bhagairt ann mar gheall ar fhoréigean neamh-idirdhealaitheach i gcásanna coinbhleachta armtha idirnáisiúnta nó inmheánaí. Go ginearálta, ní dhéantar géarleanúint sa tír de réir bhrí Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2024/1347.

(17) De bhun Rialachán (AE) 2024/1348, ní fhéadfar tríú tír a ainmniú mar thír shábháilte thionscnaimh ach amháin i gcás inar féidir a léiriú, ar bhonn na staide dlíthiúla, chur i bhfeidhm an dlí laistigh de chóras daonlathach agus na gcúinsí polaitiúla ginearálta, nach ann d'aon ghéarleanúint mar a shainmhínítear in Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2024/1347 agus nach bhfuil aon fhíorbhaol ann go ndéanfaí díobháil thromchúiseach mar a shainmhínítear in Airteagal 15 den Rialachán sin.

(18) Ós rud é, go ginearálta, nach bhfuil aon bhaol géarleanúna ná díobhála tromchúisí ann, de réir bhrí Rialachán (AE) 2024/1347, sa Bhanglaidéis, sa Cholóim, san Éigipt, san India, i Maracó ná sa Túinéis, ná sa Chosaiv mar iarrthóir ionchasach ar bhallraíocht san Aontas, mar a léirítear freisin leis na rátaí aitheantais an-íseal d'iarratasóirí ó na tíortha sin, ba cheart teacht ar an gconclúid go gcomhlíonann na tíortha sin na critéir chun iad a mheas mar thíortha sábháilte tionscnaimh de réir bhrí Rialachán (AE) 2024/1348 agus gur cheart na tíortha sin a ainmniú mar thíortha sábháilte tionscnaimh ar leibhéal an Aontais. Ní dochar an méid sin don fhéidearthacht atá ag na Ballstáit tríú tíortha eile a ainmniú mar thíortha sábháilte tionscnaimh ar an leibhéal náisiúnta agus don fhéidearthacht tríú tíortha breise a ainmniú amach anseo, ar tíortha iad a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach i Rialachán (AE) 2024/1348, mar thíortha sábháilte tionscnaimh ar leibhéal an Aontais trí bhíthin leasuithe a dhéanfar amach anseo ar an Rialachán sin. Ba cheart don Choimisiún aon iarraidh ó Bhallstát chun a mheas an bhféadfaí tríú tíortha breise a ainmniú mar thíortha sábháilte tionscnaimh ar leibhéal an Aontais a bhreithniú go pras, agus ráta íseal aitheantais uile-Aontais d'iarratasóirí ó na tíortha sin, inter alia, á chur san áireamh.

(19) Tá ainmniú tíortha mar thíortha sábháilte tionscnaimh ar leibhéal an Aontais gan dochar don riail a leagtar amach i Rialachán (AE) 2024/1348, ar dá réir nach bhféadfaidh na Ballstáit coincheap na tíre sábháilte tionscnaimh a chur i bhfeidhm ach amháin i gcás nach féidir le hiarratasóirí eilimintí a sholáthar lena dtugtar údar leis an gcúis nach bhfuil coincheap na tíre sábháilte tionscnaimh infheidhme maidir leo, faoi chuimsiú measúnú aonair. Sa chomhthéacs sin, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar iarratasóirí atá i staid shonrach sna tíortha sin, amhail daoine LADTIA, íospartaigh an fhoréigin inscnebhunaithe, cosantóirí chearta an duine, mionlaigh reiligiúnacha agus iriseoirí.

(20) D'fhéadfadh athruithe suntasacha i dtríú tír atá ainmnithe mar thríú tír shábháilte nó mar thír shábháilte thionscnaimh ar leibhéal an Aontais difear díréireach a dhéanamh do limistéir shonracha nó do ghrúpaí sonracha daoine sa tír sin, rud a d'fhágfadh go mbeadh riachtanais chosanta éagsúla ag iarratasóirí áirithe ón tír sin agus go mbeadh gá le ráthaíochtaí nós imeachta na n-iarratasóirí sin a choimirciú. Tugtar isteach le Rialachán (AE) 2024/1348 an fhéidearthacht chun tríú tír a ainmniú mar thríú tír shábháilte nó mar thír shábháilte thionscnaimh agus eisceachtaí ann i gcás codanna sonracha de chríoch an tríú tír sin nó i gcás catagóirí daoine atá inaitheanta go soiléir. Foráiltear le Rialachán (AE) 2024/1348 freisin go gcuirfidh an Coimisiún ainmniú tríú tír mar thríú tír shábháilte nó mar thír shábháilte thionscnaimh ar leibhéal an Aontais ar fionraí trí bhíthin gníomh tarmligthe i gcás ina bhfuil athrú suntasach chun donais ar staid na tíre sin. Chun aghaidh a thabhairt ar an gcás nach gcomhlíonann tríú tír, atá ainmnithe mar thríú tír shábháilte nó mar thír shábháilte thionscnaimh ar leibhéal an Aontais, maidir lena críoch iomlán nó maidir le catagóirí daoine atá inaitheanta go soiléir sa tír sin, na coinníollacha ábhartha maidir leis an ainmniú sin a leagtar amach i Rialachán (AE) 2024/1348 a thuilleadh, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE chun ainmniú na tíre sin i leith codanna sonracha dá críoch nó i leith catagóirí daoine atá inaitheanta go soiléir sa tír sin a chur ar fionraí go páirteach ar feadh tréimhse 6 mhí, i gcás inar gá, iomchuí agus comhréireach i bhfianaise na n-athruithe suntasacha sa tír sin lena ndéantar difear don chuid sin dá críoch nó don chatagóir sin daoine. Thairis sin, laistigh de 3 mhí ó ghlacadh an ghnímh tharmligthe lena bhforáiltear d'ainmniú an tríú tír mar thríú tír shábháilte nó mar thír shábháilte thionscnaimh ar leibhéal an Aontais a chur ar fionraí go páirteach, ba cheart don Choimisiún togra reachtach a thíolacadh chun na codanna sin dá críoch nó na catagóirí daoine sin a bhfuil feidhm ag an bhfionraí maidir leo a bhaint ó raon feidhme ainmniú an tríú tír sin. I gcás ina dtabharfaidh Ballstát fógra don Choimisiún ina dhiaidh sin go measann sé, ar bhonn measúnú réasúnaithe, go gcomhlíonann sé arís, tar éis d'athruithe teacht ar staid an tríú tír sin, na coinníollacha a leagtar amach i Rialachán (AE) 2024/1348 i ndáil leis an tír ina hiomláine nó le codanna sonracha dá críoch nó i ndáil le catagóirí daoine atá inaitheanta go soiléir sa tríú tír sin, ba cheart don Choimisiún a mholadh ainmniú na tíre sin mar thríú tír shábháilte nó mar thír shábháilte thionscnaimh a leasú dá réir sin.

(21) Ós rud é gur féidir le staid na himirce athrú go tapa agus go bhfuil brú méadaithe ann mar thoradh ar theacht isteach sreafaí imirce measctha a bhfuil cion ard daoine a bhfuil seans íseal acu cosaint idirnáisiúnta a fháil ba cheart na Ballstáit a bheith in ann Airteagal 42(1), pointe (j), agus Airteagal 42(3), pointe (e), de Rialachán (AE) 2024/1348 a chur i bhfeidhm ó dháta níos luaithe ná dáta ginearálta chur i bhfeidhm an Rialacháin sin chun dlús a chur leis an scrúdú a dhéantar ar iarratais, ar choinníoll go ndearna na Ballstáit na forálacha ábhartha a thrasuí agus na nósanna imeachta speisialta a leagtar amach i dTreoir 2013/32/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]). agus a chur chun feidhme. Chuirfeadh sé sin ar chumas na mBallstát freagairt go tapa agus ar bhealach solúbtha d'athruithe ar na sreabha imirce. Ós rud é gur dócha go mbeidh iarratais ó na hiarratasóirí sin gan bhunús, dá ndéileálfaí leo go tapa i nós imeachta brostaithe nó i nós imeachta teorann, bheadh na húdaráis tearmainn agus imirce in ann measúnú níos éifeachtúla a dhéanamh ar fhíoréilimh, cinntí níos tapúla a dhéanamh agus, ar an gcaoi sin, rannchuidiú le feidhmiú níos fearr agus níos inchreidte na mbeartas tearmainn agus fillte, agus lánurraim á tabhairt do chearta bunúsacha.

(22) Thairis sin, chun cásanna casta agus iarbhír i dtríú tíortha nach n-ainmnítear mar thríú tíortha sábháilte nó mar thíortha sábháilte tionscnaimh ar leibhéal an Aontais a chur san áireamh a thuilleadh, ba cheart do na Ballstáit, agus reachtaíocht á cur i bhfeidhm nó á tabhairt isteach acu lena gceadaítear ainmniú náisiúnta na dtíortha sin , a bheith in ann é sin a dhéanamh, agus eisceachtaí a bheith acu do chodanna sonracha de chríoch na dtíortha sin nó do chatagóirí daoine atá inaitheanta go soiléir, sula dtiocfaidh Rialachán (AE) 2024/1348 i bhfeidhm.

(23) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon liosta coiteann de thíortha sábháilte tionscnaimh a bhunú ar leibhéal an Aontais agus cur i bhfeidhm forálacha áirithe de Rialachán (AE) 2024/1348 a chur chun cinn, a ghnóthú agus nach féidir iad a ghnóthú ach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(24) I gcomhréir le hAirteagal 3 agus Airteagal 4a(1) de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, tá fógra tugtha ag Éirinn, le litir dar dáta an 22 Iúil 2025 , gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

(25) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(26) Leis an Rialachán seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus na prionsabail a aithnítear go háirithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

(27) I bhfianaise chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2024/1348 ón 12 Meitheamh 2026 agus chun deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar a luaithe is féidir, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe.

(28) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2024/1348 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) 2024/1348 mar a leanas:

(1) in Airteagal 60, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 74 a bhaineann, go hiomlán nó go páirteach, le hainmniú tríú tír mar thríú tír shábháilte ar leibhéal an Aontais a chur ar fionraí, faoi réir na gcoinníollacha mar a leagtar amach in Airteagal 63.';

([7]) Treoir 2013/32/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na nósanna imeachta coiteanna chun cosaint idirnáisiúnta a dheonú agus a tharraingt siar (IO L 180, 29.6.2013, lch. 60, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2013/32/oj).

(2) in Airteagal 61, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Ní fhéadfar tríú tíortha a ainmniú mar thíortha sábháilte tionscnaimh i gcomhréir leis an Rialachán seo ach amháin i gcás inar féidir a léiriú, ar bhonn na staide dlí, chur i bhfeidhm an dlí laistigh de chóras daonlathach agus na gcúinsí polaitiúla i gcoitinne, nach bhfuil géarleanúint á déanamh iontu mar a shainmhínítear in Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2024/1347 agus nach bhfuil fíorbhaol ann go ndéanfaí díobháil thromchúiseach mar a shainmhínítear in Airteagal 15 den Rialachán sin.’;

(3) leasaítear Airteagal 62 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Féadfar tríú tíortha a ainmniú mar thíortha sábháilte tionscnaimh ar leibhéal an Aontais, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 61 agus san Airteagal seo.’;

(b) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach i ndiaidh mhír 1:

‘1a. Tá na tríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo ainmnithe mar thíortha sábháilte tionscnaimh ar leibhéal an Aontais.

1b. Tríú tír ar deonaíodh stádas mar Stát is iarrthóir ar aontachas leis an Aontas di, ainmnítear í mar thír shábháilte tionscnaimh ar leibhéal an Aontais freisin, ach amháin i gcás ina bhfuil feidhm ag ceann amháin nó níos mó de na himthosca seo a leanas:

(a) is ann do bhagairt thromchúiseach ar bheatha nó ar iomláine an tsibhialtaigh mar gheall ar fhoréigean neamh-idirdhealaitheach i gcásanna coinbhleachta armtha idirnáisiúnta nó inmheánaí sa tríú tír sin;

(b) glacadh bearta sriantacha de réir bhrí Theideal IV de Chuid a Cúig de CFAE i bhfianaise ghníomhaíochtaí an tríú tír sin lena ndéantar difear do chearta agus saoirsí bunúsacha atá ábhartha maidir leis na critéir chun tríú tír a ainmniú mar thír shábháilte thionscnaimh, mar a leagtar amach in Airteagal 61 den Rialachán seo;

(c) tá an cion cinntí ón údarás cinntitheach lena ndeonaítear cosaint idirnáisiúnta d’iarratasóirí ón tríú tír sin– náisiúnaigh na tíre sin nó iar-ghnáthchónaitheoirí na tíre i gcás daoine gan stát – níos airde ná 20 % de líon iomlán na gcinntí don tríú tír sin arna n-eisiúint ag an údarás cinntitheach de réir na meánsonraí bliantúla uile-Aontais is déanaí atá ar fáil ó Eurostat.

I gcás ina mbeidh feidhm ag aon cheann de na himthosca dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointí (a) go (c), nó i gcás ina scoirfidh siad d’fheidhm a bheith acu, cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit, Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoi sin láithreach. I gcás phointe (a) den mhír seo, gheobhaidh an Coimisiún formheas ón gComhairle roimh ré sula gcuirfidh sé na Ballstáit agus Parlaimint na hEorpa ar an eolas.’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 74 a bhaineann, go hiomlán nó go páirteach, le hainmniú tríú tír mar thír shábháilte thionscnaimh ar leibhéal an Aontais a chur ar fionraí, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach in Airteagal 63.’;

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 63:

‘*Airteagal 63*

Ainmniú tríú tír mar thríú tír shábháilte nó mar thír shábháilte thionscnaimh ar leibhéal an Aontais a chur ar fionraí agus a bhaint

1. I gcás athruithe suntasacha ar staid tríú tír atá ainmnithe mar thríú tír shábháilte nó mar thír shábháilte thionscnaimh ar leibhéal an Aontais, déanfaidh an Coimisiún measúnú réasúnaithe ar an gcaoi a gcomhlíonann an tríú tír sin na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 59 nó 61 agus, i gcás ina measann an Coimisiún nach bhfuil na coinníollacha sin á gcomhlíonadh a thuilleadh, go hiomlán nó go páirteach, beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas:

(a) i gcás nach gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 59 nó 61 a thuilleadh i ndáil le codanna sonracha de chríoch an tríú tír nó i ndáil le catagóirí daoine atá inaitheanta go soiléir sa tríú tír sin, glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 74 chun ainmniú an tríú tír sin mar thríú tír shábháilte nó mar thír shábháilte thionscnaimh ar leibhéal an Aontais do na codanna sin de chríoch an tríú tír sin nó do na catagóirí daoine sin a chur ar fionraí go páirteach ar feadh tréimhse 6 mhí;

(b) i gcás nach gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 59 nó 61 a thuilleadh maidir leis an tríú tír ina hiomláine, glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 74 chun ainmniú an tríú tír sin mar thríú tír shábháilte nó mar thír shábháilte thionscnaimh ar leibhéal an Aontais a chur ar fionraí go hiomlán ar feadh tréimhse 6 mhí.

2. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú leanúnach ar an staid sa tríú tír dá dtagraítear i mír 1 agus, inter alia, faisnéis a sholáthraíonn na Ballstáit agus an Ghníomhaireacht um Thearmann maidir le hathruithe ina dhiaidh sin ar staid an tríú tír sin á cur san áireamh aige.

3. I gcás inar ghlac an Coimisiún gníomh tarmligthe i gcomhréir le mír 1, pointí (a) nó (b), lena gcuirtear ainmniú tríú tír mar thríú tír shábháilte nó mar thír shábháilte thionscnaimh ar leibhéal an Aontais ar fionraí do gach cuid nó codanna sonracha de chríoch tríú tír sin nó do gach catagóir daoine nó do chatagóirí daoine atá inaitheanta go soiléir sa tríú tír sin, déanfaidh sé, laistigh de 3 mhí ó dháta glactha an ghnímh tharmligthe sin, togra a thíolacadh, i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) ainmniú an tríú tír sin mar thríú tír shábháilte nó mar thír shábháilte thionscnaimh ar leibhéal an Aontais a leasú chun foráil a dhéanamh maidir le heisceachtaí ón ainmniú do na codanna sonracha den chríoch nó do na catagóirí daoine atá inaitheanta go soiléir a chumhdaítear leis an ngníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun mhír 1, pointe (a); nó

(b) ainmniú an tríú tír sin mar thríú tír shábháilte nó mar thír shábháilte thionscnaimh ar leibhéal an Aontais a bhaint.

4. I gcás nár thíolaic an Coimisiún togra dá dtagraítear i mír 3 laistigh de 3 mhí ó ghlacadh an ghnímh tharmligthe mar a thagraítear dó i mír 1, scoirfidh an gníomh tarmligthe d'fheidhm a bheith aige. I gcás ina dtíolacann an Coimisiún togra mar sin laistigh de 3 mhí ó ghlacadh an gnímh tharmligthe mar a thagraítear dó i mír 1, tabharfar de chumhacht don Choimisiún, ar bhonn measúnú réasúnaithe, síneadh 6 mhí a chur le bailíocht an ghnímh tharmligthe sin, agus an fhéidearthacht ann an síneadh sin a athnuachan uair amháin.

5. Gan dochar do mhír 4, i gcás nach nglacfar an togra a thíolaic an Coimisiún chun ainmniú tríú tír mar thríú tír shábháilte nó mar thír shábháilte thionscnaimh ar leibhéal an Aontais a bhaint nó a leasú laistigh de 15 mhí ón tráth a thíolaic an Coimisiún an togra, ní bheidh éifeacht a thuilleadh le fionraí iomlán nó páirteach ainmniú an tríú tír mar thríú tír shábháilte nó mar thír shábháilte thionscnaimh, ar leibhéal an Aontais.';

(5) in Airteagal 64, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2 agus 3:

'2. I gcás ina gcuirfear ainmniú tríú tír mar thríú tír shábháilte nó mar thír shábháilte thionscnaimh ar leibhéal an Aontais ar fionraí go hiomlán nó go páirteach, trí bhíthin gníomh tarmligthe a glacadh de bhun Airteagal 63(1) pointe (a) nó (b), ní ainmneoidh na Ballstáit an tír sin mar thríú tír shábháilte nó mar thír shábháilte thionscnaimh ar an leibhéal náisiúnta.

3. I gcás ina ndearnadh ainmniú tríú tír mar thríú tír shábháilte nó mar thír shábháilte thionscnaimh ar leibhéal an Aontais a bhaint nó a leasú i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, féadfaidh Ballstát fógra a thabhairt don Choimisiún go measann sé, i ndiaidh d'athruithe teacht ar staid na tíre sin, go gcomhlíonann sí arís na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 59(1) nó in Airteagal 61.

Áireofar leis an bhfógra measúnú réasúnaithe ar a mhéid a chomhlíonann an tríú tír sin na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 59(1) nó in Airteagal 61, lena n-áirítear míniú ar na hathruithe sonracha ar staid an tríú tír a fhágann go gcomhlíonann an tír na coinníollacha sin arís. I gcás inarb infheidhme, sonróidh an Ballstát ina fhógra na codanna sonracha de chríoch an tríú tír sin a bhfuil feidhm ag a mheasúnú maidir leo, nó maidir le catagóirí daoine atá inaitheanta go soiléir sa tríú tír sin a bhfuil feidhm ag a mheasúnú maidir leo.

Tar éis dó an fógra a thabhairt, iarrfaidh an Coimisiún ar an nGníomhaireacht um Thearmann faisnéis agus anailís ar an staid sa tríú tír a thabhairt dó.

I gcás inar baineadh ainmniú an tríú tír ar thug an Ballstát fógra fúithi mar thríú tír shábháilte nó mar thír shábháilte thionscnaimh ar leibhéal an Aontais de bhun Airteagal 63(3), pointe (b), ní fhéadfaidh an Ballstát atá ag tabhairt an fhógra an tríú tír sin a ainmniú mar thríú tír shábháilte nó mar thír shábháilte thionscnaimh ar an leibhéal náisiúnta ach amháin ar choinníoll nach ndéanfaidh an Coimisiún agóid i gcoinne an ainmnithe sin.

Beidh ceart agóide an Choimisiúin a bheith teoranta do thréimhse 2 bhliain tar éis an dáta ar baineadh ainmniú an tríú tír sin mar thríú tír shábháilte nó mar thír shábháilte thionscnaimh ar leibhéal an Aontais. Eiseoidh an Coimisiún aon agóid laistigh de thréimhse 3 mhí tar éis an dáta a dtabharfaidh an Ballstát gach fógra agus tar éis athbhreithniú cuí a dhéanamh ar an staid sa tríú tír sin, ag féachaint do na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 59(1) agus in Airteagal 61.

I gcás ina measann an Coimisiún go bhfuil na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 59(1) nó in Airteagal 61 á gcomhlíonadh arís maidir le gach cuid nó codanna sonracha de chríoch an tríú tír nó maidir le gach catagóir daoine nó catagóirí daoine atá inaitheanta go soiléir sa tríú tír a chumhdaítear leis an bhfógra a fuarthas de bhun na chéad fhomhíre den mhír seo, féadfaidh sé togra a thíolacadh chun an Rialachán seo a leasú, i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, chun an tríú tír sin a ainmniú mar thríú tír shábháilte nó mar thír shábháilte thionscnaimh ar leibhéal an Aontais maidir le gach cuid nó codanna sonracha de chríoch an tríú tír sin ina gcomhlíontar na coinníollacha sin nó maidir le gach catagóir daoine nó catagóirí daoine atá inaitheanta go soiléir a gcomhlíontar na coinníollacha sin ina leith.';

(6) in Airteagal 78, mír 2, cuirtear 'Iarscríbhinn I' in ionad na bhfocal 'an Iarscríbhinn';

(7) leasaítear Airteagal 79 mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an fhomhír seo a leanas léi:

'Mar sin féin, beidh feidhm ag Airteagal 59(2), Airteagal 61(2) agus Airteagal 61(5), pointe (b), den Rialachán seo ón 27 Feabhra 2026 a mhéid a bhaineann le cur i bhfeidhm choincheap na tíre sábháilte' tionscnaimh i gcomhréir le hAirteagail 36 agus 37 de Threoir 2013/32/AE agus an tríú tír shábháilte i gcomhréir le hAirteagal 38 de Threoir 2013/32/AE.';

(b) i mír 3, cuirtear an fhomhír seo a leanas léi:

'Féadfaidh Ballstát Airteagal 42(1), pointe (j), agus Airteagal 42(3), pointe (e), den Rialachán seo a chur i bhfeidhm mar fhorais leis an nós imeachta scrúdúcháin brostaithe i gcomhréir le hAirteagal 31(8) de Threoir 2013/32/AE nó leis an nós imeachta a dhéantar ag an teorainn nó i gcriosanna idirthurais i gcomhréir le hAirteagal 43 de Threoir 2013/32/AE roimh an 12 Meitheamh 2026 má thrasuigh sé na forálacha ábhartha agus má chuir sé na nósanna imeachta speisialta a leagtar amach sna hAirteagail sin chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta roimh an 27 Feabhra 2026.';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. I gcás na mBallstát sin nach bhfuil faoi cheangal ag Treoir 2013/32/AE, déanfar tagairtí don Treoir sin i míreanna 2 agus 3 den Airteagal seo a fhorléiriú mar thagairtí do Threoir 2005/85/CE.';

(8) uimhrítear an Iarscríbhinn aonair mar 'Iarscríbhinn I';

(9) cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo leis mar Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1348.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Feabhra 2026.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*
R. METSOLA	C. KOMBOS

IARSCRÍBHINN

'IARSCRÍBHINN II

Tá na tríú tíortha seo a leanas ainmnithe mar thíortha sábháilte tionscnaimh ar leibhéal an Aontais:

an Bhanglaidéis

an Cholóim

an Éigipt

an India

an Chosaiv (*)

Maracó

an Túinéis

(*) Tá an t-ainmniú seo gan dochar do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244/1999 agus le Tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.'.